Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11601/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0262 (NLE)**

**PECHE 291**
**FAO 29**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 437 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/869 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 437 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 437 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2023
COM(2023) 437 final

2023/0262 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/869**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir don tréimhse 2024-2028 i dtaca le glacadh na mbeart caomhnaithe agus bainistithe atá beartaithe.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú lena mbunaítear an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú lena mbunaítear an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('Comhaontú CGIM') caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bheo-acmhainní na mara a áirithiú i dtéarmaí bitheolaíocha, sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil de, mar aon le forbairt inbhuanaithe ar dhobharshaothrú sa limistéar a chumhdaítear leis an gComhaontú. Tháinig Comhaontú CGIM i bhfeidhm in 1952. Formheasadh leasuithe ar Chomhaontú CGIM in 1963, 1976, 1997 agus 2014.

Is páirtí conarthach in CGIM é an tAontas Eorpach, tar éis dó é a ghlacadh faoi Chinneadh 98/416/CE ón gComhairle[1]. Chomh maith leis sin, is páirtithe conarthacha i gComhaontú CIGM iad an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Rómáin agus an tSlóivéin.

### 2.2. An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir

Is é an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) a comhlacht a bhunaíodh le Comhaontú CGIM chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bheo-acmhainní na mara a áirithiú i dtéarmaí bitheolaíocha, sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil de, mar aon le forbairt inbhuanaithe ar dhobharshaothrú sa Mheánmhuir, sa Mhuir Dhubh agus sna huiscí cónascacha. Glacann sé bearta caomhnaithe agus bainistithe chun na hacmhainní iascaigh a bhfuil sé freagrach astu a bhainistiú.

Mar chomhalta de GFCM, tá an tAontas i dteideal páirt a ghlacadh ina chinntí agus vótáil ina leith. Tá dearbhú ann maidir le hinniúlacht an Aontais i ndáil le Comhaontú CGIM. Feidhmíonn an tAontas Eorpach cearta vótála na mBallstát ar páirtithe conarthacha iad: i gcás ina vótálann an tAontas Eorpach, ní vótálann aon Bhallstát den Aontas ná a mhalairt. Déanann CGIM a chinntí trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí den CGIM láthair a chaitheann vóta.

### 2.3. Cinntí CGIM

Tá an t-údarás ag CGIM bearta caomhnaithe agus bainistithe atá ceangailteach ar na páirtithe conarthacha a ghlacadh maidir leis na hiascaigh a bhfuil sé freagrach astu.

I gcomhréir le hAirteagal 13.3 de Chomhaontú CGIM, tiocfaidh na bearta i bhfeidhm 120 lá tar éis an dáta a chuirfidh CGIM in iúl do na páirtithe conarthacha iad. Na páirtithe conarthacha a dhéanann agóid i gcoinne beart arna nglacadh ag CIGM laistigh de 120 lá ó dháta an fhógra, níl siad faoi cheangal ag an mbeart sin. I gcás ina gcuireann níos mó ná trian de na páirtithe conarthacha agóid isteach, níl sé d'oibleagáid ar na páirtithe conarthacha eile an beart a bhfuiltear ag déanamh agóide ina leith a chur chun feidhme.

[1] IO L 190, 4.7.1998, lch. 34.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

Leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais faoi láthair ag cruinnithe bliantúla na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) de réir cur chuige dhá shraith. Leagfar amach le Cinneadh ón gComhairle bunphrionsabail sheasamh an Aontais ar bhonn ilbhliantúil agus déanfar an seasamh a choigeartú ina dhiaidh sin le haghaidh gach cruinnithe bhliantúil le páipéir leathoifigiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin atá le formhuiniú sa Chomhairle.

Maidir le GFCM, cuirtear an cur chuige sin chun feidhme le Cinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019, lena leagtar amach seasamh an Aontais in GFCM don tréimhse 2019-2023. Tá prionsabail ghinearálta sa Chinneadh ach cuirtear gnéithe sonracha CGIM san áireamh a mhéid is féidir. Ina theannta sin, leagtar amach ann an próiseas caighdeánach chun seasamh an Aontais a leagan síos bliain i ndiaidh bliana, mar a d’iarr na Ballstáit.

Cuimsíodh le Cinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle prionsabail an chomhbheartais iascaigh nua (CBI), mar a leagtar síos iad i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus cuireadh san áireamh leis freisin na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh[3]. Thairis sin, coigeartaíodh leis seasamh an Aontais maidir le Conradh Liospóin.

Déantar foráil le Cinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle maidir le measúnú, agus i gcás inarb iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar sheasamh an Aontais roimh an gcruinniú bliantúil in 2024. Dá bhrí sin, leagtar amach sa togra seo seasamh an Aontais in CGIM don tréimhse 2024-2028 agus ar an gcaoi sin, cuirtear in ionad Chinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle é.

I dtaca le hiascaireacht, cuirtear san áireamh leis an togra atá ann faoi láthair an Comhaontú Glas don Eoraip, go háirithe an Straitéis Bhithéagsúlachta[4], an Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide[5] agus an Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’[6]. Cuirtear san áireamh ann freisin an Straitéis um Plaistigh[7] agus an Plean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] COM(2011) 424, 13.7.2011.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM/2020/380).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381).

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] COM (2018) 28 final.

thruailliú[8]. Thairis sin, cuirtear san áireamh ann freisin an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[9].

Chomh maith leis sin, leis an athbhreithniú atá ann faoi láthair cuirtear san áireamh na gealltanais a thug an tAontas ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir leis an Meánmhuir agus an Mhuir Dhubh i nDearbhú Airí Mhálta MedFish4Ever[10], Dearbhú Airí Shóifia[11] agus Straitéis 2030 CGIM maidir le hiascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh[12].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist agus ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[13].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is é CGIM an comhlacht a bunaíodh le comhaontú, is é sin Comhaontú CGIM.

Na gníomhartha a iarrtar ar CGIM a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Tá na gníomhartha atá beartaithe le bheith ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13 de Chomhaontú CGIM agus is féidir leo tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíochta an Aontais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear Córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú[14];

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] COM/2021/400 final

9 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Setting the course for a sustainable blue planet* [An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm] JOIN (2022) 28 final.

10 Dearbhú Airí Mhálta MedFish4Ever. An chomhdháil aireachta maidir le hinbhuanaitheacht na n-iascach sa Mheánmhuir (Málta, an 30 Márta 2017).

11 Dearbhú Airí Shóifia, Comhdháil Ardleibhéil maidir le hiascach agus dobharshaothrú na Mara Duibhe (Sóifia, 7 Meitheamh 2018)

12 FAO. 2021. *GFCM 2030 Strategy for sustainable fisheries and aquaculture in the Mediterranean and the Black Sea* [Straitéis 2030 CGIM le haghaidh iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh]. Rome. https://doi.org/10.4060/cb7562en

13 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

14 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú[15]; agus

Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[16].

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad lena ndéantar creat institiúideach Chomhaontú CGIM a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an Chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a nglactar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh sin nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an iascach a bhaineann an príomhchuspóir agus ábhar an ghníomh atá beartaithe. Is é Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an bunús dlí lena leagtar amach na prionsabail atá le léiriú leis an seasamh seo.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe. Tiocfaidh an Cinneadh in ionad Chinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle, cinneadh a chumhdaíonn an tréimhse 2019-2023.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gCinneadh atá beartaithe.

[15] IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
[16] IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.

2023/0262 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/869

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 98/416/CE ón gComhairle[1], thug an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (‘Comhaontú CGIM’) i gcrích. Chomh maith leis sin, is Páirtithe Conarthacha i gComhaontú CIGM iad an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Spáinn.

(2) Glacann an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (‘CGIM’) bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh agus forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe i limistéar Chomhaontú CIGM a áirithiú. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh sé d’aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá atá á mbuain a athbhunú agus a choinneáil ar leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistithe agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha agus modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí a dhéanamh agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir,

[1] Cinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 1998 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh don Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (IO L 190, 4.7.1998, lch. 34).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

agus le hiascaireacht a bhfuil ísealtionchar aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Ina theannta sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm agus é i mbun a chuid caidreamh seachtrach iascaigh.

(4) I gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta[3], an Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide[4] agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[5], tá sé ríthábhachtach an dúlra a chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú. Maidir leis na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, is gá nár bhaol a bheadh iontu d'infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí a chuireann éiceachórais shláintiúla mhuirí ar fáil d'iascairí, do phobail chósta agus don chine daonna i gcoitinne.

(5) Déantar tagairt sa Straitéis um Plaistigh[6] do bhearta sonracha chun plaistigh agus truailliú muirí chomh maith le cailleadh nó tréigean trealaimh iascaireachta ar muir a laghdú. Thairis sin, is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú[7] laghdú 50 % a dhéanamh ar bhruscar plaisteach ar muir agus laghdú 30 % a dhéanamh ar mhicreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol.

(6) Faoin Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[8], príomhthosaíochtaí faoi ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais is ea cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta muirí. Is é an tAontas Eorpach an gníomhaí is suntasaí in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus i gcomhlachtaí iascaigh ar fud an domhain. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas inbhuanaitheacht na stoc éisc chun cinn, cuireann sé cinnteoireacht thrédhearcach chun cinn atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch fhónta, cuireann sé feabhas ar an taighde eolaíoch, agus neartaíonn sé an comhlíonadh.

(7) Mar a luadh sna conclúidí ón gComhdháil Aireachta maidir le hInbhuanaitheacht Iascaigh na Meánmhara, a ghlac Dearbhú Airí Mhálta MedFish4Ever an 30 Márta

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM/2020/380).

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] COM (2018) 28 final.

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] COM/2021/400 final.

[8] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Setting the course for a sustainable blue planet* [An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm] JOIN (2022) 28 final.

2017 agus ón gComhdháil Ardleibhéil maidir le hIascach agus Dobharshaothrú na Mara Duibhe, comhdháil a ghlac Dearbhú Airí Shóifia an 7 Meitheamh 2018, tá ról lárnach i ngníomhaíocht an Aontais in CGIM ag cur chun cinn na mbeart chun tacú le bailiú sonraí agus meastóireacht eolaíoch agus iad sin a fheabhsú mar aon le bainistiú iascaigh bunaithe ar éiceachórais, cultúr comhlíontachta chun deireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, iascach agus dobharshaothrú ar mhionscála inbhuanaithe, dlúthpháirtíocht agus comhordú méadaithe.

(8) Le Straitéis 2030 CIGM maidir le hiascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh[9], a glacadh in 2021, comhtháthaítear agus forbraítear a thuilleadh gealltanais agus tosaíochtaí na nDearbhuithe Airí a bhí ann roimhe agus dírítear freisin ar ghníomhaíochtaí chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin mhéadaithe, amhail an t-athrú aeráide, speicis neamhdhúchasacha, truailliú de gach cineál agus an gá atá le hábhar muirí aischurtha agus gabhálacha de thaisme de speicis leochaileacha a laghdú agus a mhaolú.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe CGIM a leagan síos don tréimhse 2024-2028, ós rud é go bhféadfaidh bearta caomhnaithe agus bainistithe CGIM a bheith ina gceangal ar an Aontas agus go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is iad sin Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[11]; Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[12].

(10) Faoi láthair, bunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe GFCM le Cinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle[13]. Is iomchuí an Cinneadh sin a aisghairm agus Cinneadh nua a bhunú don tréimhse 2024-2028.

(11) In view of the evolving nature of fishery resources in the GFCM Agreement area and the consequent need for the Union's position to take account of new developments, including new scientific and other relevant information presented before or during the meetings of the GFCM, procedures should be established for the year-to-year

---

9 *GFCM 2030 Strategy General Fisheries Commission for the Mediterranean – GFCM Food and Agriculture Organization of the United Nations* | An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir CGIM) | Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (fao.org).

10 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

11 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

12 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

13 Cinneadh (AE) 2019/869 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), agus lena n-aisghairtear Cinneadh an 19 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, in CGIM (IO L 140, 28.5.2019, lch. 84).

specification of the Union’s position for the period 2024-2028. Ba cheart na seasaimh sin a bheith i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM).

*Airteagal 2*

I gcomhréir le hIarscríbhinn II, seolfar sonraíocht ó bhliain go bliain ar sheasaimh an Aontais atá le glacadh i gcruinnithe CGIM.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún, roimh chruinniú bliantúil GFMC in 2029 ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/869.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*